

Scéim Gearrscannáin First Frames dlr

Eolas breise le haghaidh iarrthóirí ionchasacha



Ag leanúint ar aghaidh ó Scéimeanna Maoinithe Gearrscannáin First Frames dlr roimhe seo - seo thíos léargas tiomsaithe ar na freagraí a bhfuarthas ó na maoinitheoirí, siad sin Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, bainisteoirí na scéime, Institiúid Ealaíona, Dearadh agus Teicneolaíochta (IEDT) agus saineolaithe na scannánaíochta, chomh maith leo siúd ó iarrthóirí ionchasacha. Siad na Ceisteanna Coitianta thíos na freagraí ar na ceisteanna a tháinig as na Clinicí réamhiarratais/na Seisiúin Faisnéise.

- Déan tagairt do **Threoir** Scéim First Frame dlr chun na sonraí iomlána a fháil maidir leis an scéim, le próiseas an iarratais le critéir, le próisis agus le príomh-dhátáí tábhachtacha an mheasúnaithe ag www.iadt.ie News Item, ref. dlr First Scheme 2024/2025 (<https://iadt.ie/news/dlr-first-frames-2024>)
- Déanfar gach iarratas a chur isteach ar Líne ag www.iadt.ie mar atá luaite thuas.
- Sé Spriocdátá na n-iarratas ná **Dé hAoine an 22 Iúil ag 12in** (12 meán lae). Ní ghlacfar le haon iarratas déanach.
- Cuireadh na Ceisteanna Coitianta as na babhtaí roimhe seo den mhaoiniú First Frames dlr le chéile thíos mar chúnamh duit

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin – Maoinitheoirí

- Tá Scéim First Frames dlr maoinithe ina hiomlán ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, tríd an Oifig Ealaíon agus trí Aonad na Forbartha Eacnamaíochta.
- Siad na príomhaidhmeanna aici ná: tacaíocht a thabhairt do dnéantóirí na scannán atá ag teacht chun cinn, béim a chur ar an raon suíomhanna féideartha na scannánaíochta agus tacaíocht a thabhairt don fhostaíocht i dtionscal na scannán.
- Rinne Comhairle Contae DLRD roinnt gearrscannán a mhaoiniú roimhe seo.
- Moladh: Cláraigh le haghaidh rNuachtán Ealaíon dlr le haghaidh faisnéise leanúnach agus nuasdátuithe coimeád súil ar @dlrcoco agus ar @myiadt ar Facebook+ Instagram.

Tá trí choimisiún ar fiú €13,000 (CBL san áireamh) an ceann mar chuid de Scéim Ghearrscannáin First Frames dlr; le ceann ar leith acu le haghaidh gearrscannán as Gaeilge. Chomh maith le haon mheantóireacht más gá ó fhoireann Scoil Náisiúnta Scannán an IEDT, beidh rochtain ar úsáid na trealamh / na n-áiseanna de chuid an SNS (ag brath ar infhaighteacht agus ar chumas an chriú).

Gnéithe tábhachtacha maidir le tuilleadh foinsí eile an maoinithe:

- Ní cheadófar slua-mhaoiniú faoin scéim seo.
- Caithfidh gach maoiniú eile teacht ó fhoinse dhlisteanach agus neamhiomaíochta chuig dlr
 - Caithfidh gach maoiniú eile a fhógairt agus a bheith ar fáil ag céim an ghearrliostaithe, agus á dhearbhu i scríbhinn sula bhféadfar tairiscint fhoirmiúil a dhéanamh. Ní féidir aon airgead a lorg tar éis próiseas na roghnóireachta agus tá sé ríthábhachtach go bhfaightear aon mhaoiniú breise sula gcuirtear isteach ar an Scéim.
 - Is féidir aon mhaoinitheoir eile a áireamh ar rolla na creidmheasa ach Ní aithneofar iad mar phríomh-mhaoinitheoir an scannán, sé sin, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
 - Is féidir úsáid a bhaint as féinmhaoiniú faoi réir na gcoinníollacha thuas.

Scéim Gearrscannáin First Frames dlr

Eolas breise le haghaidh iarrthóirí ionchasacha



- Is féidir airgead a tiomsaíodh trí sparánacht deontais bhreise a úsáid faoi réir na gcoinníollacha thuas.

Tá raon fairsing na suíomhanna scannánaíochta ar fáil i limistéar Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, i measc na moltaí tá sna háiteanna seo a leanas:

- Glencullen
- Killiney & Dalkey Hills
- Marlay Park
- Dún Laoghaire
- Sandycove Beach
- Glasthule
- Dún Laoghaire West Pier
- Dún Laoghaire East Pier
- Deansgrange Cemetery
- Sandycove
- Killiney Beach
- The 40 Foot
- Cabinteely Park
- Peoples Park
- Kilmashogue Forest
- Ticknock Forest
- Tibbradden wood
- Carrickgollogan
- Hellfire
- Massey's Wood
- Kiltarnan
- Shanganagh Park

Gleann Coilín	Cladach an Daichead Troigh
Cnoc Chill Iníon Léin agus Cnoc Dheilginse	Páirc Chábán tSíle
Páirc Mharlaí	Páirc an Phobail
Dún Laoghaire	Foraois Chill Mochióg
Trá Chuas an Ghainimh	Foraois Thigh an Chnoic
Glas Tuathail	Coill Thigh Brodáin
Piara Thoir Dhún Laoghaire	Carraig Uallacháin
Piara Thiar Dhún Laoghaire	Club an Ifrinn
Reilig Ghráinseach an Déin	Coill Uí Mheasaigh
Cuas an Ghainimh	Cill Tiarnáin
Trá Cnoc Chill Iníon Léin	Páirc Sheangánaigh

CEISTEANNA COITIANTA

C: An gcaithfidh na suíomhanna a bheith ceadaithe go hiomlán nó an liosta na mianta atá ann i ndairíre?

Ag céimeanna tosaigh an iarrtais, is léiriú den chuid is mó é ar na suíomhanna i dlr a mbeifeá a d'fhéadfadh a úsáid a bhaint astu le haghaidh scannánaíochta seachas liosta iad siúd le cead ina leith faighte agat cheana féin. Má éiríonn le d'iarratas, is féidir le hOifig Ealaíon dlr cabhrú leat cead a fháil má tá an suíomh ar fáil ag an am.

Scéim Gearrscannáin First Frames dlr

Eolas breise le haghaidh iarrthóirí ionchasacha



C: Muna bhfuil ann ach seit scannánaíochta amháin i dteach amháin i gceist, cén tionchar a bheidh ag a leithéid ar mheasúnú an iarratais?

Bhain roinnt iarratais rathúla úsáid as suíomhanna teoranta, ar nós an taobh istigh de theach éigin. Baineann an cheist níos mó leis an gcaoi a úsáidtear na suíomhanna ná leis an líon díobh atá ann. Na déan dearmad gur ceann de chritéir an roghnúcháin í úsáid na suíomhanna agus, mar sin, caithfear roinnt suíomhanna dlr a léiriú sa scannán (mar shampla, agus an radharc á shocrú agat).

C: An gcaithfidh tú a bheith i do chónaí i dlr? An dteastaíonn bonn cánach in Éirinn ón gcomhlacht léiriúcháin atá i gceist?

Ní réamhriachtanas é go mbeadh an t-iarrthóir ina chónaí i gceantar dlr, ach caithfidh ceantar dlr freastal mar shuíomh(anna) na scannánaíochta. (Féach ar liosta thuas na suíomhanna molta i gceantar dlr.).

Caithfidh bonn cánach an chomhlachta léiriúcháin a bheith lonnaithe in Éirinn.

C: Gnáthlíon na laethanta le haghaidh siút?

Le haghaidh an bhuiséid - d'fhéadfá triail a bhaint as 5 lá ach braitheann sé ar an gcaoi a dhéanann tú an buiséad a riar agus ar chineál an tionscadal – cinnte os cionn 2 lá - is dócha 3 nó 4 lá.

Dar le léiritheoir an scannáin Lighthouse (scéim First Frames dlr roimhe seo): *"Athraíonn sé mar thoradh ar an gcoincheap agus ar líon na foirne agus méid an trealaimh ag teastáil. Déan thart ar 3 lá, 5 lá ar a mhéad, a mheas mar bhuiséad. D'fhéadfadh lá siút amháin a dhéanamh le creat-chriú chun srian a chur ar an gcostas. Má tá 3 lá ar intinn agat agus má éiríonn le d'iarratas, cuir buiséad níos cruinne le chéile ag an bpointe seo lena chinntiú go mbeadh an dóthain ama sa 3 lá."*

C: An mbaineann aon srian le haois?

Ní bhaineann. Díríonn an scéim ar léiritheoirí scannán atá ag teacht chun cinn; baineann sé le céim na gairme acu agus ní leis an aois acu.

C: An ndéanfar meas níos fabhraí ar iarrthóir a bhfuil gearrscannán déanta aige cheana féin ná ar éinne a bhfuil an chéad scannán á dhéanamh aige?

Ní dhéanfar. Ach ag an am céanna, tá sé tábhachtach go mbeadh muinín ag na breithiúna as do chumas an tionscadal a chur i gcrích má éiríonn le d'iarratas.

C: An nglactar le harratais iolracha?

Níl aon srian ar líon na n-iarratas ach beidh mórán oibre ag teastáil le feidhmchlár ar ardchaighdeán, áfach, agus moltar duit mar sin díriú ar fheidhmchlár láidir amháin seachas do chuid iarrachtaí a shíneadh thar os cionn iarratas amháin.

C: Cén uastréimhse reatha is féidir a bheith sa scannán?

Tá an scéim dírithe ar ghearrscannáin. B'fhearr go mbeadh an tréimhse reatha thart ar 15 nóiméad ar an meán. C: An féidir leis an duine céanna a bheith ina stiurthóir agus ina léiritheoir ar an tionscadal?

Is féidir ach déanfar athbhreithniú ar na CVanna a chuirtear isteach ag an ngearrliostáil (céim 2 na measúnachta) trí phríomhchumais a lorg sa dá réimse sin, mar sin ní mór a leithéid a chur san áireamh. Glactar gur cur chuige an-dúshlánach é an rogha seo de ghnath.

Scéim Gearrscannáin First Frames dlr

Eolas breise le haghaidh iarrthóirí ionchasacha



C: An gá na haisteoirí agus an criú a bheith lándheimhnithe nó i ndiaidh réamhaontaithe shealdacha?

Mar an gcéanna leis na suíomhanna, cabhraíonn sé leat más féidir leat tabhairt le fios cén fhoireann a mbeifeá ag cur le chéile don léiriú dá n-éireodh le d'iarratas. I bhfianaise nádúr na scéime agus an tionscail, tuigtear nach féidir deimhniú iomlán a dhéanamh ag céim luath an iarratais ar an scéim.

C: Conas a aimseoidh tú d'fhoireann má tá a leithéid á dhéanamh agat don chéad uair?

Is féidir leat teagmhálacha a aimsiú i dtionscal na scannánaíochta, bain triail as liosta na mná atá ag obair sa scannánaíocht agus sa teilifís, grúpaí na scannánóirí ar Facebook, agus téigh chuig féilte na scannán srl. Tá bunachar na sonraí curtha le chéile ag Screen Wexford. Cláraigh le haghaidh nuachtlitir Scannán Éireann agus déan iarracht freastal ar oiread na n-imeachtaí líonraithe agus is féidir leat.

C: An gcaithfidh foireann Gaeilge a bheith líofa sa Ghaeilge ionas go gcuirfí san áireamh í?

Má bhaineann d'iarratas le gearrscannán as Gaeilge, ba chóir an script a bheith scríofa as Gaeilge in ionad a bheith ina haistriúchán. Ina theannta sin, déanfar cuid den agallamh as Gaeilge.

C: Maidir leis an mbuiséad?

Má chuirtear ar an ngearrliosta é, beidh ort buiséad réadúil a léiriú i leith do thionscadal. Má tá aon ábhar amhrais sna figiúirí, beidh a leithéid ina ábhar imní chomh maith. Cuir béim ar aon fhoinsí maoinithe eile (agus ag comhlíonadh na gcritéar thuas fós) leis an mbuiséad atá á chur i láthair.

C: Na rátaí pá?

Sin ceist go gcaitfidh an t-iarratasóirí a réiteach agus é ag obair trí bhuiséad an scannáin (Is cuid thábhachtach í an buiséad de Chéim 2, aighneacht an eolais bhreise) mar go mbeidh tú ag socrú ansin cé chomh fada agus a rachaidh an buiséad.

Is dócha go mbeadh tú ag iarraidh garanna uaibh siúd (criú) ar mhian leo clú a gcuid ainmneacha a chur chun cinn, m.sh. dóibh féin. Sa chás seo, ba chóir duit cuimhneamh ar an tábhacht a bhaineann lé cothrom na Féinne a léiriú agus tú ag déileáil le gach ball na foirne.

Ba cheart rátaí tionscail cuí a íoc le foireann na n-aisteoirí.

C: An nglacfar le oibriú i gcomhar le comhordaitheoir troda agus an gearrscannán á dhéanamh agat agus ar cheart duit an costas an árachais a chur leis an mbuiséad?

Glacfar. Má éilíonn an scannán comhordaitheoir troda a úsáid; agus ba cheart an t-árachas a áireamh sa bhuiséad mar chostas a d'fhéadfadh baint leis.

C: Aicmiú an scannáin?

Ní gá á bheith PG ach b'fhearr XXX a sheachaint! Ná déan dearmad gur údarás áitiúil é an maoinitheoir a bhfuil mar aidhm aige feasacht ar an réigiún DLR mar shuíomh déanta scannán a mhéadú chomh maith le tacú tacaíocht a thabhairt don fhostaíocht i dtionscal na scannán sa cheantar.

Níl sé riachtanach le haghaidh na scéime é ach d'fhéadfadh do scannán aicmiú an OASÉ (Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann) a bhaint amach.

Scéim Gearrscannáin First Frames dlr

Eolas breise le haghaidh iarrthóirí ionchasacha



C: Taibhiú/Première?

Beidh an chéad taibhiú Dlr ar siúl sa Stiúideo, dlr Lexicon. Ní féile í seo. Má bhí an chéad taibhiú tíre féin agat nó má léiríodh é ag féile beaga na scannán, is féidir leat á thaibhiú ag féilte idirnáisiúnta de ghnáth gan stró ar bith.

C: Sochair airgeadais?

Ní mór creidmheas a thabhairt do DLR (sa rolla creidmheasa) mar phríomh-mhaoinitheoirí an scannáin ach níl aon sochar airgeadais ar an infheistíocht a cuid infheistíochta sa scannán á lorg ag an gComhairle má thagann a leithéid as craoladh trastíre srl..

Tabhair faoi deara: Is tábhachtach é an creidmheas agus an buíochas a ghabháil don mhaoinitheoir maidir le rath an scannáin. Ba cheart creidmheas a thabhairt freisin do Scoil Náisiúnta Scannán an IEDT (bainisteoirí na scéime) sa rolla creidmheasa ach sí Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an phríomh-mhaoinitheoir agus ba cheart a leithéid a aithint mar sin.

C: Beochan?

Ní cháilíonn scannáin bheochain don scéim seo – os rud é go gcaithfidh an scannánaíocht a dhéanamh i suíomhanna laistigh de cheantar an dlr.

C: Cláir faisnéise?

Ní cháilíonn cláir faisnéise don scéim seo; tá sí dírithe ar ghearrscannáin cruthaithigh.

C: Comhphost Léiritheora / Stiúrthóra?

Ní mholtar é – ró-chasta lena bhaint amach. Glacfar le Comhphost Scríbhneora/Stiúrthóra áfach.

C: Tacaíocht mheantóireachta?

Beidh sí ar fáil maidir le forbairt na scrípte/ le stiúru agus/nó le léiriú (má theastaítear agus má mholtar ag painéal an agallaimh). Tacaíocht 7 n-uair an chloig ar a mhéad. Athróidh cineál na tacaíochta bunaithe ar chineál an scannáin atá á dhéanamh agat. Beidh sé ar fáil idir fógra agus an dáta críochnaithe an tionscadail. Deanfar na meantóirí a chur ar fáil trí IEDT.

C: An réamhriachtanas é cónaí i DLR?

Ní hé, ach caithfidh suíomhanna na scannánaíochta a bheith lonnaithe laistigh de cheantar DLR. Féach ar na suíomhanna molta thuas.

Gnáth-thrácht ar an gcaidreamh idir an iarrthóir agus painéal an agallaimh:

Ná déan dearmad gur mian leis na hagallóirí go n-éireoidh le do script agus le do thionscadal – sé sin, tá an geansaí céanna á chaitheamh agaibh agus tá siad ag súil le comhoibriú rathúil ag gach éinne.

C: Céard iad an Trealamh agus an Stiúideo atá ar fáil ag IEDT, Scoil Náisiúnta na Scannánaíochta, Ascaill na Cille, Dún Laoghaire?

Is féidir rochtain a fháil ar raon trealamh agus ar stiúideo más ar fáil iad agus má dhéantar á socrú roimh ré leis an IEDT. Ní mór do lucht bainistíochta an IEDT a shásamh go bhfuil an dóthain taithí ag an bhfoireann agus go bhfuil siad in ann an trealamh agus na háiseanna a láimhseáil agus a úsáid i gceart. Bíonn an SNS á úsáid i gcónaí ag mic léinn an IEDT le linn an téarma agus tráth an chéimithe agus, dá bhrí sin, is dócha go mbeadh rochtain ag hiarthóirí rathúla air, le linn mí Iúil agus mí Lúnasa tar éis dóibh socrú a dhéanamh roimh ré.

Scéim Gearrscannáin First Frames dlr

Eolas breise le haghaidh iarrthóirí ionchasacha



C. Caithin a mbíonn Tráth an Chéimithe ar siúl?

Sé Tráth an Chéimithe ná Eanáir - Aibreán. Mar sin féin, déanfaimid ár ndícheall i gcónaí oibriú leat maidir le trealamh agus le tacaíocht ar bhonn cás ar chás.

C: Má bhaineann tú an gearrliosta amach, cé hiad a chaithfidh freastal ar an agallamh?

An Léiritheoir, an Stiúrthóir agus an Scríbhneoir Scripte más féidir – an Léiritheoir agus an Stiúrthóir ar a laghad ach moltar an triúr acu. Caithfear freastal ar an agallamh ionas fanacht san iomaíocht. Tá sceideal na bPríomhdhátaí le feiceáil in athchoimre na scéime.

Leideanna agus Comhairle

Saineolaí A:

Beidh cuid de na comhábhair seo le feiceáil i ngearrscannán maith ach, dá mbeadh gach ceann acu ann, bheadh an scannán ró-chasta ar fad !

- Roinnt comhábhair arna moladh:
 - **Gearrscannán**- coinnigh gearr é!
 - **Úrnuacht** – sé do ghuth féin atá ann, is asatsa a thagann sé. Más ag oiriúnú atá tú; déan do leagan féin as a léiríonn an t-anam atá laistigh díot
 - **An Scéal Féin**
 - **Fuaim** – tá gá le fuaim agus le ceol fíor. Bealach éasca agus saor atá ann le haghaidh luach táirgíochta an scannáin a mhéadú
 - **Dearcadh soiléir** (ní dearcadh an cheamara atá ann - cé hé/cad leis a bhaineann an scannán)
 - **Ionad an Anaim** – an bhaineann do scannán leis an gcuma atá ort atá neadaithe laistigh díot féin agus laistigh den dearcadh atá agat ar an saol i gcoitinne?
 - **Scéal Inchreidte** – muna bhfuil ciall leis, ní bheidh an lucht féachana in ann an scéal a thuiscint
 - **Guth ar leith** – filleann sé arís ort
 - **Comhsheasmhacht** – m.sh. má thosaíonn tú leis an uafás, cuir deireadh leis leis an uafás
 - **Saothair seanré** - (is féidir costas ard a bhaint leo, ní mholtar iad - agus go háirithe le haigheadh gearrscannáin)
 - **Siamsúil!**
 - **Údarach**
 - **Creidmheasanna Gearr!** (Ná déan dearmad creidiúint a thabhairt do gach éinne agus ba cheart á chur san áireamh agus an t-am rite á riamh agat)

Scéim Gearrscannáin First Frames dlr

Eolas breise le haghaidh iarrthóirí ionchasacha



- **Suíomhanna suimiúla**
- **Aisteoireacht mhaith**
- **Dea-choincheapa**
- **Oiriúnach don Fhéile** – An scannán féin agus tú féin chomh maith! Is gá leis (agus leat féin) a bheith sochaideartha.
- **Deireadh Maith** – Baineann tábhacht le tús an scannáin agus, dá bhrí sin, leis an radharc deiridh chomh maith. Sé sin a fhanann i gcuimhne an lucht féachana.
- **Cloí leis an treoir!**

Tá an scéim seo arna mhaoiniú ag Comhairle Contae dlr – smaoinigh ar do thionscadal, déan cinnte go n-oireann do scannán don bheart! Agus, téigh ar siúl mórthimpeall an cheantair! Gabh leat ar seachrán ann agus faigh amach an bhfuil rud ar bith nó suíomh ar bith ann a d'fhéadfadh cabhrú le do script anam na háite a léiriú.

Saineolaí B:

Sé an scéal an gné is tábhachtaí de! Mar sin, baineann ríthábhacht leis an scéal agus leis an script.

- Tugann an Gearrscannán dúshlán dúinn scéal mealltach a bhfuil tionchar aige a insint laistigh de dhlúth-thréimhse ama. Déan do scannán a sheasamh amach
- Déan scéal a insint faoi rud éigin a théann go mór ort go pearsanta, a spreagann tú. Agus ina bhfuil suim phaiseanta agat.
- Coinnigh simplí é, bí aireach faoin raon feidhme. Ná cuir an iomarca isteach i mbeagán focal; smaoinigh ar insint agus ar scéal a oireann don fhormáid.
- Déan á oscailt agus á scoir go tréan; bíodh tús, lár agus deireadh soiléir agat.
- Bíodh cuma scannánaíochta i gcónaí air.
- Cuir an oiread ama agus is féidir isteach sa **réamhléiriú**. Déan gach rud a ullmhú! Is gnách go n-imíonn an scéal amú ar siút, is amhlaidh is ullmhaithe duit atá tú...is amhlaidh is fusa a bheidh tú in ann freagairt agus oiriúnú. Bris an script síos ina chodanna, faigh amach an oiread is féidir leat faoin ábhar, déan do chuid nótaí, "féach ar an scannán i d'intinn" chun cabhrú leat cinneadh a dhéanamh cad iad na gearrthacha atá ann, cén luascadh a bhaineann leis. As sin is féidir leat liosta na seatanna agus an scéalchlár a chur le chéile (rud iontach atá ann ní amháin mar áis amhairc duit ar an seit ach chun cabhrú leat cumarsáid a dhéanamh le do chriú, leis an DP srl. chomh maith)
- Maidir leis an **gCás a Chur**, is leat féin an scannán; déan cleachtadh air, bí ar do chompord ag caint faoi do scannán, labhair faoi os ard, cad faoi, na téamaí aige srl. Bí réidh do na ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Bíodh an paisean agat as do scannán!
- Cuir an oiread ábhar tacaíochta agus is féidir leat le chéile, m.sh. i gcás an Stiúrthóra, bíodh nótaí, stíl amhairc, íomháineachas tagartha, ealaín an choincheapa, grianghraif, srl. ar fáil dó. I gcás na léiritheoirí, bíodh an buiséad, na suíomhanna féideartha, smaointe faoi roghnú na n-aisteoirí srl. ullmhaithe agat.
- Bíodh réiteach agat ar aon fhadhb a d'fhéadfadh a tharlú

Scéim Gearrscannáin First Frames dlr

Eolas breise le haghaidh iarrthóirí ionchasacha



- Baineann rí-tábhacht le **Roghnú na n-Aisteoirí**. Is féidir le droch-aisteoir/drochthaibhú gearrscannán a mhilleadh. Beag beann ar an é an chéad scannán agat nó an bhfuil do bhuiséad níos lú ná ba mhaith leat, ná bíodh aon eagla ort riamh roimh dhíriú ar thogha do chéirde a bhaint amach! Faigh an t-aisteoir is fearr is féidir don ról; bíonn suim i gcónaí ag gach aisteoir as a bheith gníomhach, mar sin muna bhfuil siad ar siút, má tá siad ar fáil agus má oireann an script dóibh, seans ann go mbeadh siad sásta le páirt a ghlacadh.
- Déan á chleachtadh!
- Maidir leis **an Siút** féin, ní bhíonn an dóthain ama agat riamh! Seans go mbeidh ort seatanna a scaoileadh nó rudaí a athrú. Bí réidh! Bíodh fíis i gcuimhne agat i gcónaí ach bíodh aigne oscailte agat chomh maith agus ansin beidh tú in ann tobchumadh a dhéanamh más gá.
- Ná bíodh teannta leis an mbia! Cothaigh do chriú go maith; cuidíonn sé lena gcuid mheanma agus lena gcuid fheidhmíochta a choinneáil ar an gcaighdeán atá uait!
- **Iarléiriú**: déan iarracht ar an eagarthóir is fearr is féidir a fháil, de rogha ar dhuine a bhfuil taithí aige; duine lena féidir leat comhoibriú. Cinneann an t-eagar beo nó bás do do scannán, mar is ansin a bhfuil tu in ann an méid atá déanta agat a fheiceáil. Déanann tú an scannán a athscríobh san eagar!
- Maidir leis an scéim, beidh cumarsáid anonn is anall agat le DLR
- Bíodh aigne oscailte agat le haghaidh aiseolais, seol leagain chuig daoine eile, déan an léirmheastóireacht a lorg